TREOIR MAIDIR LE ROGHNÚ CRAINN TÁBLA 1

Ainm coiteann	Oiriúnacht Suímh				Uasairde (m)	Luach Bithéagsúlachta	Gnéithe Tarraingteacha
	Spásanna oscailte poiblí	Sráideanna & spásanna teoranta	Tobáin, coimeádáin, ceapacha	Fálta	Ráta fáis		
An Fhearnóg *Alnus glutinosa*	✓	✗	✗	✓ Is fearr leis ithir thais agus glacfaidh sé le tuile; fásfaidh sé i raon leathan láithreán.	20 Fast	Síolta d'éin agus don iora rua.	Caitíní agus buaircíní
An Fhuinseog *Fraxinus excelsior*	✓	✗	✗	✓ Is fearr leis ithreacha dea-dhraenáilte neodrach nó alcaileach; fásfaidh i limistéir sceirdiúla agus cois cósta; is féidir leis glacadh le hithreacha taise ach gan iad a bheith leathbháite..	28 Measartha	Scáil éadrom atá go maith le haghaidh flóra talún; tá na síolta go maith d'éin agus do mhamaigh bheaga.	Duilliúr
An Crann Creathach *Populus tremula*	✓	✗	✗	✗ Is fearr leis ithreacha taise atá neodrach nó aolmhar (ní aigéadach); ná cuir róchóngarach d'fhoirgnimh nó d'aon seirbhís mar gheall ar a nós fréamhaithe an-fhairsing.	24 Mear	Feithidí	Dath san Fhómhar
An Bheith Chlúmhach *Betula pubescens*	✓	✓	✓	✗ Is fearr leis ithreacha atá idir aigéadach agus neodrach agus glacfaidh sé le hithreacha bochta; ní fhásfaidh sé faoi scáil; mear-ráta fáis agus saolré ghearr.	24 Measartha/ Mear	Tá na síolta go maith d'éin d'ioraí rua. Adhmad marbh - an mhaith d'fheithidí agus d'fhungais.	Caitíní, coirt, duilliúr, dath san fhómhar
An Bheith Gheal *Betula pendula.*	✓	✓	✓	✗ Is fearr leis ithreacha dea-dhraenáilte atá aigéadach nó neodrach; glacfaidh sé le hithir bhocht ach ní faoi scáil; mear-ráta fáis agus saolré ghearr.	18 Measartha/ Mear	Tá na síolta go maith d'éin, d'ioraí rua. Adhmad marbh - an mhaith d'fheithidí agus d'fhungais.	Caitíní, coirt, duilliúr, dath san fhómhar
An Donnroisc *Prunus padus*	✓	✓	✓	✓ Is fearr leis ithreacha taise torthúla, idir aigéadach agus neodrach; seachain láithreáin sceirdiúla.	6 Measartha	Tá an luathbhláthú go maith d'fheithidí; na torthaí go maith d'éin.	Bláthanna, caora, dath san fhómhar
An Draighean *Prunus spinosa*	✓	✗	✗	✓ Glacfaidh sé le raon leathan ithreacha; tá sé in ann fás i gceantair loma sceirdiúla; scaipfidh sé go forleathan má scaoiltear leis.	4 Measartha	Feithidí. Cuireann sé cumhdach neadaithe agus caora ar fáil d'éin.	Bláthanna, caora
An Draighean Fearna *Frangula alnus*	✓	✗	✓	✓ Fásann sé in ithreacha taise aolmhara agus cois lochanna carraigeacha. Dáileadh agus fáil orthu teoranta.	6 Measartha	Biaphlanda don bhuíóg ruibheach.	Caora
An Paide Bréan *Rhamnus catharticus*	✓	✗	✓	✗ Fásann sé in ithreacha taise aolmhara agus cois lochanna.	5 Measartha	Biaphlanda don bhuíóg ruibheach.	Caora
An Fia-Úll *Malus sylvestris*	✓	✗	✗	✓ Rathaíonn sé i bhformhór na n-ithreacha torthúla; is fearr leis ithreacha neodracha nó alcaileacha.	6 Mall	An luathbhláthú go maith d'fheithidí; na torthaí go maith d'fheithidí, do mhamaigh bheaga agus d'éin.	Bláthanna agus torthaí
An Trom *Sambucus nigra*	✓	✗	✗	✓ Is fearr leis ithreacha torthúla; speiceas crua.	6 Mear	Feithidí agus éin	Bláthanna, caora, dath san fhómhar
An Chaor Chon *Viburnum opulus*	✓	✗	✗	✓ Is fearr leis ithreacha taise torthúla atá idir aolmhar agus neodrach (ní ithir aigéadach).	4.5 Measartha	Feithidí agus éin	Bláthanna, caora, dath san fhómhar
An Sceach Gheal *Crataegus monogyna*	✓	✓	✓	✓ Glacfaidh sé le raon leathan ithreacha; crua agus an-inoiriúnaithe do chúinsí éagsúla.	9 Measartha/ Mear	Cuireann sé cumhdach agus bia den scoth ar fáil d'fheithidí agus d'éin.	Bláthanna, caora
An Coll *Corylus avellana*	✓	✓	✗	✓ Is fearr leis ithreacha cailcreacha dea-dhraenáilte.	6 Mear/ Measartha	Éin, mamaigh bheaga, feithidí.	Caitíní, cnónna

Ainm coiteann	Oiriúnacht Suímh				Uasairde (m)	Luach Bithéagsúlachta	Gnéithe Tarraingteacha
	Spásanna oscailte poiblí	Sráideanna & spásanna teoranta	Tobáin, coimeádáin, ceapacha	Fálta	Ráta fáis		
An Cuileann *Ilex aquifolium*	✓	✓	✓	✓ Speiceas crua; in ann cur suas le scáth agus le láithreáin nochta don aimsir; fásann i réimse leathan cineálacha ithreach ach amháin ithir nach bhfuil draenáil mhaith inti.	15 Mall	Tá na caora tábhachtach d'éin; biaphlanda don ghormán cuilinn; téann na héin ar an bhfara ann sa gheimhridh.	Duilliúr síorghlas, caora (i gcás na mbaineannach amháin)
An Fionncholl *Sorbus aria*	✓	✓	✓	✓ Is fearr leis ithreacha atá idir aolmhar agus neodrach; fásfaidh sé ar an gcósta, ar thalamh carraigeach agus ar láithreáin thaise ach ní fhásfaidh in ithreacha atá an-fhliuch.	15 Measartha	Feithidí. Barr tábhachtach caor.	Duilliúr, bláthanna, caora
An tAiteal *Juniperus communis*	✓	✗	✗	✗ Fásann in áiteanna carraigeacha agus ar fhraochmhá sléibhe; in ann glacadh le nochtadh don aimsir.	6 Measartha	Éin	Duilliúr síorghlas
An Dair Ghallda *Quercus robur*	✓	✗	✗	✗ Is fearr leis ithreacha troma agus torthúla ach glacfaidh le raon leathan ithreacha taise; oiriúnach do spásanna móra.	30 Measartha	Bia agus foscadh d'éin, d'ioraí rua agus d'fheithidí. Adhmad marbh. Fungais. Eipifítí.	Duilliúr, dath an fhómhar, dearcáin
An Crann Caorthainn *Sorbus aucuparia*	✓	✓	✓	✓ An-chrua; in ann cur suas le hithreacha atá bocht agus éadomhain; ní oireann áiteanna fliucha dó.	9 Mear	Feithidí. Barr tábhachtach caor.	Bláthanna agus caora.
An Péine Albanach *Pinus sylvestris*	✓	✗	✗	✗ Is fearr leis ithreacha tirime éadroime gainmheacha; glacfaidh sé le talamh imeallach agus le hithreacha móinteacha.	24 Measartha	Go maith d'éin ghoir agus d'éin a théann ar an bhfara sa gheimhreadh. Tá na buaircíní an-mhaith don iora rua.	Buaircíní, duilliúr síorghlas
An Dair Ghaelach *Quercus petraea*	✓	✗	✗	✗ Fásann in ithreacha bochta, aigéadacha ach draenáil mhaith a bheith iontu; oiriúnach do spásanna móra.	30 Measartha	Bia agus foscadh d'éin, d'ioraí rua agus d'fheithidí. Adhmad marbh. Fungais.	Duilliúr, dath san fhómhar, dearcáin
An Crann Feorais *Euonymous europaeus*	✓	✗	✗	✓ Is fearr leis ithreacha troma aolmhara ach glacfaidh sé le raon leathan ithreacha.	7 Measartha	Go maith d'fheithidí.	Bláthanna, caora, dath san fhómhar
An Silín Fiáin *Prunus avium*	✓	✓	✓	✓ Is fearr leis ithreacha torthúla (beagán aigéadach); glacfaidh sé le hithreacha troma agus le beagán scátha; ní oireann áiteanna fliucha dó.	15 Measartha	Tá an luathbhláthú go maith d'fheithidí. Torthaí go maith d'éin.	Bláthanna, caora, dath san fhómhar
An tSaileach *Salix spp.*	✓	✗	✗	✓ Fásann in ithreacha taise/fliucha cois abhann, cois locha agus ar thuilemhánna.	6 Mear	Éin, feithidí, fungais, adhmad marbh.	Caitíní, dath an fhómhair
An Leamhán Sléibhe *Ulmus glabra*	✓	✗	✗	✓ Bíonn rath air in ithir thorthúil dhea-dhraenáilte; scáthfhulangach; ní oireann áiteanna an-tirime dó.	30 Measartha	Na luathbhláthanna go maith d'fheithidí; na síolta go maith d'ioraí rua. Léicin. Adhmad marbh.	Dath san fhómhar
An tIúr *Taxus baccata*	✓	✗	✓	✗ Is fearr leis ithreacha dea-dhraenáilte alcaileacha; in ann fás faoi scáth domhain nó in áiteanna carraigeacha. Tá na síolta agus na duillí nimhiúil.	14 Mall	Tá na caora go maith d'éin	Síorghlas. Caora (i gcás na mbaineannach amháin)

Tá an t-eolas sa Tábla seo bunaithe ar fhoinsí éagsúla:

County Galway Biodiversity Guidelines (www.galwaycountybiodiversity.com). Fuller, J. 2008. The Hedgerows of County Galway. Comhairle Contae na Gaillimhe, Gaillimh. Fuller, J. 2007. Buds of the Banner. Comhairle Contae an Chláir. An Chomhairle Oidhreachta. Conserving and Enhancing Wildlife in Towns and Villages. Peoples Millennium Forests, 2000. Our Trees – A guide to growing Ireland's native trees in celebration of a new millennium. The Peoples Millennium Forests Project.

Characteristics of our native trees and shrubs

The Tree Selection Guide (Table 1) indicates the relevant characteristics of the main native trees and shrubs in Ireland. This guide lists the maximum height of each of the trees and shrubs although size can vary considerably from site to site depending on the nature of the soil and local environment. Those trees and shrubs that are suitable for shaded or exposed gardens are also indicated. Growth rate is important if you want something to quickly provide screening or shelter. The value of each species to wildlife (= biodiversity value) is also briefly described, which can help you decide what to plant if you want to create a wildlife-friendly garden. The most attractive features of each tree and shrub are noted to assist garden design.

Types of planting stock available

People often don't realise when buying trees and shrubs that there is a range of sizes and types of planting stock available. The right choice for you depends on the scale of planting (e.g. a large area to be planted or a small garden), the planting scheme (e.g. a public green space where immediate impact may be required), and the nature of site (e.g. exposed or sheltered) and of course, the budget.

Bare-root tree / Crann fréamhlom

Trees and shrubs can be bought from a tree nursery, garden centre, or even by mail order. The main types of planting stock available are: i) bare-rooted trees in winter, ii) pot or container grown trees and iii) root-balled trees. And they come in a range of sizes from 'whips' (45 cm - 250 cm height), to light standards (6-8 cm girth), standards (8-10 cm girth) and heavy standards (12-14 cm girth), and various sizes in between.

The best approach when choosing trees is to buy a range of sizes, if you can. Large trees (known as 'heavy standards') make an immediate and often impressive impact adding instant maturity to your garden but they are more difficult to plant, require staking and can be expensive. Smaller trees are easier to move and plant, are more likely to establish successfully, may not require staking, can adapt more easily to exposed sites, and are usually considerably cheaper (depending on the species). By purchasing one or two large trees (or more depending on space and budget) and several smaller trees, you can transform the green space around your house into a beautiful mature garden.

Saintréithe ár gcrann agus ár dtom dúchasach

Léiríonn an Treoir maidir le Roghnú Crann (Tábla 1) na saintréithe ábhartha a bhaineann le príomhchrainn agus príomhthoim dhúchasacha na hÉireann. Liostaítear uasairde gach crann agus tom sa treoir seo cé gur féidir athrú suntasach a bheith ann ó shuíomh go suíomh ag brath ar nádúr na hithreach agus ar an timpeallacht áitiúil. Tugtar léiriú freisin ar na crainn agus toim sin a bheadh oiriúnach do ghairdíní a bhíonn faoi scath nó dóibh siúd atá nochta don aimsir. Tá tábhacht leis an ráta fáis más mian leat rud éigin a dhéanfaidh sciath nó foscadh go luath. Luaitear freisin an luach atá ag gach speiceas don fhiadhúlra (= luach bithéagsúlachta), rud a chabhróidh leat i do rogha plandaithe más gairdín báúil don fhiadhúlra atá uait. Déantar cur síos freisin ar na gnéithe is tarraingtí a bhaineann le gach crann agus tom chun cuidiú le dearadh gairdín.

Cineálacha stoic le cur atá ar fáil

Is minic nach gcuimhníonn daoine nuair atá siad i mbun crainn agus toim a cheannach go mbíonn stoc le cur ar fáil i réimse leathan méideanna agus cineálacha éagsúla. Braithfidh an rogha is cirte duitse ar an scála plandaithe (e.g. achar mór nó gairdín beag le cur), ar an scéim plandaithe (e.g. spás glas poiblí ina mbíonn éifeacht láithreach ag teastáil), agus ar nádúr an láithreáin (e.g. cibé atá, nó nach bhfuil, foscadh ann) agus ar ndóigh, ar an mbuiséad.

Is féidir leat crainn agus toim a cheannach ó phlandlann chrann, ó ionad garraíodóireachta, nó fiú ó ghnólacht postdíola. Is iad seo a leanas na príomhchineálacha stoic atá ar fáil: i) crainn fhréamhloma sa gheimhreadh, ii) crainn a fhástar i bpota nó i gcoimeádán, agus iii) crainn le daba fréamhacha orthu. Bíonn siad ar fáil de réir méideanna éagsúla ó bhuinneáin (45 - 250 cm ar airde) go crainn éadroma chaighdeánaithe (6 - 8 cm timpeall), crainn chaighdeánaithe (8 - 10 cm timpeall) agus crainn throma chaighdeánaithe (12 - 14 cm timpeall) agus méideanna éagsúla laistigh de na réimsí sin.

Agus tú i mbun crainn a roghnú is é an cur chuige is fearr ná raon méideanna difriúla a cheannach, más féidir. Bíonn éifeacht láithreach agus mhórthaibhseach ag na crainn mhóra (ar a dtugtar 'crainn throma chaighdeánaithe') agus cuireann siad cuma aibí ar do ghairdín ar an toirt, ach bíonn siad níos deacra le cur, bíonn sá stacán i gceist leo agus d'fhéadfadh siad a bheith costasach. Tá sé níos éasca crainn bheaga a bhogadh agus a chur, is é is dóichí go mbunófaí go rathúil iad, seans nach mbeadh sá stacán ag teastáil uathu, téann siad i dtaithí níos fearr ar láithreáin sceirdiúla, agus go hiondúil bíonn siad i bhfad níos saoire (ag brath ar an speiceas atá ann). Má cheannaíonn tú crann mór nó dhó (nó níos mó ná sin ag brath ar an spás agus ar an mbuiséad) agus roinnt crann beag, is féidir leat gairdín álainn aibí a dhéanamh den spás glas timpeall an tí.

Native trees and shrubs raised in Ireland from Irish seed (which have the maximum ecological value and are most likely to thrive) are increasingly available. Much of the stock for sale, however, is still grown from imported seed or plants. Ask about the origin of the plants before you buy. Let the staff in your local nursery or garden centre know you would prefer truly native stock. A demand will increase the supply. Most of the nurseries and garden centres in Co. Galway sell some native trees and shrubs but not all are grown locally or from Irish seed.

i) Bare-rooted trees

Bare-rooted trees or 'whips' (i.e. they don't come in a pot and have little or no soil around their roots) are the cheapest option available. Whips are cheaper than nursery 'standards' (usually larger pot grown or root-balled trees), easier to transplant, and can often outgrow them in a few years. The best size of young tree for most situations is the whip that is about 45 cm to 100 cm high. Taller specimens can be considered if planting in sheltered locations. Bare-rooted trees can be planted only in the dormant season when the leaves are off the trees (the beginning of December until the end of March or April for conifers such as Scots pine and yew). Buy only plants with compact, bushy roots that have been well-stored (in soil). Once bare-rooted trees are taken out of the soil at the garden centre or nursery, they should be kept in heavy plastic bags (to prevent the roots from drying out) and stored in a cool dark dry place for a few weeks at most. Trees should be planted as soon as possible after buying.

ii) Pot grown and root-balled trees

Pot grown and root-balled trees are usually more expensive than bare-root trees, and can be much larger. These trees can be planted any time of the year but it is advisable to avoid planting immediately after the young leaves have opened. If possible, check that pot or container grown trees are not pot-bound (i.e. kept in the pot too long, with cramped roots ready to burst out of the pot).

Root-balled trees tend to be large trees (often >2.5m in height) that a tree nursery regularly lifts and root prunes to encourage the development of a network of fibrous roots surrounding a ball of soil. When the trees are to be delivered, the root-ball is covered in hessian sacking and wire mesh. These trees can be stored in a sheltered location but should be planted as soon as possible. The sacking and wire mesh do not need to be removed (they break down naturally). Loosen the 'neck' of the root-ball prior to planting to allow room for the trunk to grow.

Tá fáil níos mó ag teacht ar chrainn agus ar thoim dhúchasacha a fhástar in Éirinn ó shíolta Éireannacha (is mó an luach éiceolaíochta atá iontu agus is orthu is dóichí rath a theacht). I gcás formhór an stoic atá ar díol, áfach, fástar fós é as síolta nó as plandaí iompórtáilte. Cuir ceist faoi bhunús na bplandaí sula gceannóidh tú iad. Abair leis an bhfoireann i do phlandlann nó i d'ionad garraíodóireachta áitiúil gurbh fhearr leat stoc dúchasach. Tiocfaidh méadú ar an soláthar de réir éilimh. I measc formhór na bplandlann agus na n-ionad garraíodóireachta i gContae na Gaillimhe bíonn roinnt crann agus tom dúchasach le díol ach ní go háitiúil ná ó shíolta na hÉireann a fhástar iad uile.

Pot-grown trees / Crainn a fhástar i bpota

i) Crainn fhréamhloma

Is é an rogha is saoire atá ann na crainn fhréamhloma nó 'buinneáin' (i.e. ní i bpota a bhíonn siad agus is fíorbheagán ithreach a bhíonn timpeall na bhfréamhacha). Bíonn buinneáin níos saoire ná crainn phlandlainne chaighdeánaithe (de ghnáth is crainn níos mó iad seo a fásadh i bpotaí nó is crainn iad le daba fréamhacha orthu), bíonn siad níos éasca le hathchur, agus is féidir leo fás thar na cinn úd in imeacht roinnt blianta. Is é an buinneán, atá thart ar 45 cm go 100 cm ar airde, an méid is fearr do chrann óg faoi fhormhór na ndálaí cuir. Is féidir crainn níos airde ná sin a roghnú má táthar á gcur i láithreáin faoi fhothain. Ní chuirtear crainn fhréamhloma ach sa séasúr suanach nuair nach mbíonn duilliúr orthu (tús mí na Nollag go dtí deireadh mí an Mhárta - nó mí Aibreáin i gcás buaircíneach amhail an péine albanach agus an t-iúr). Ná ceannaigh ach plandaí a bhfuil fréamhacha dlútha scothánacha orthu agus a bhí dea-stóráilte (in ithir). Nuair a bhaintear crainn fhréamhloma as an ithir san ionad garraíodóireachta nó sa phlandlann, ba cheart iad a choimeád i málaí troma plaisteacha (ionas nach dtriomóidh na fréamhacha) agus a chur in áit fhionnuar dhorcha thirim ar feadh cúpla seachtain ar a mhéad. Ba cheart crainn a chur chomh luath agus is féidir i ndiaidh a gceannaithe.

ii) Crainn a fhástar i bpota agus crainn le daba fréamhacha orthu

Go hiondúil bíonn crainn a fhástar i bpota agus crainn le daba fréamhacha orthu níos costasaí ná crainn fhréamhloma, agus d'fhéadfadh siad a bheith i bhfad níos airde. Is féidir na crainn seo a chur am ar bith i rith na bliana ach moltar gan iad a chur díreach i ndiaidh oscailt na nduilleog óg. Más féidir, seiceáil nach bhfuil crann ar fásadh i bpota nó i gcoimeádán é sáinnithe sa phota (i.e. coinnithe rófhada sa phota, agus a chuid fréamhacha cúngaithe réidh le pléascadh amach as an bpota).

De ghnáth bíonn crainn le daba fréamhacha orthu sách mór (go minic >2.5 m ar airde) agus iad á mbaint amach go rialta ag an bplandlann leis na fréamhacha a phrúnáil, rud a chuidíonn le gréasáin de fhréamhacha snáithíneacha a fhorbairt thart ar dhaba ithreach. Nuair a bhíonn na crainn le seachadadh, cumhdaítear an daba fréamhacha le sacán heiseáin agus líontán sreinge. Is féidir na crainn seo a stóráil faoi fhothain ach ba chóir iad a chur chomh luath agus is féidir. Níl aon ghá leis an sacán agus an líontán sreinge a bhaint den chrann (dianscaoiltear iad go nádúrtha). Déan 'muineál' an daba fréamhacha a scaoileadh rud beag roimh phlandú chun spás a fhágáil d'fhás an tamhain.

National Tree Week and Tree Day

National Tree Week is an annual festival celebrating the many positive aspects of trees in our lives and environment. It is organised by the Tree Council of Ireland and usually takes place during the first week in March. The main aim of the week is to raise awareness of the value of trees and to encourage people to plant trees. Contact the Environment Section of Galway County Council prior to Tree Week and you may be able to obtain some native trees for community tree planting projects. (Tel. 091 476402,
E-mail environment@galwaycoco.ie). Tree Day is another national day to celebrate trees organised by the Tree Council. It is usually held in October. www.treecouncil.ie

Planting a tree

When planting a tree, dig a hole that is a good bit larger than the root area of the tree. Break up the subsoil at the bottom of the hole with a spade (to encourage the roots to grow down in search of water and anchorage). Spread a layer of well-rotted farmyard manure, garden compost or slow-release fertiliser (available in garden centres) in the base of the hole to help the young trees get off to a good start.

Place the tree (which has been soaking in a bucket of water) in the hole making sure that there is enough room to spread out the roots. Try to ensure that the tree is planted at the same depth as it was when growing in the nursery. This should be a little bit above the highest roots and is marked by a change in the colour of the stem. Planting too deeply may result in the tree stem rotting while planting too shallowly may result in the tree drying out if the roots are exposed. Fill in the soil over the roots ensuring that no roots or bark are damaged. Firm the soil around the roots carefully with your foot and water well after planting to settle the soil around the roots.

Seachtain Náisiúnta na gCrann agus Lá na gCrann

Féile bhliantúil is ea Seachtain Náisiúnta na gCrann a cheiliúrann raidhse gnéithe dearfacha a bhaineann le crainn inár saol agus inár dtimpeallacht. Is í Comhairle Crann na hÉireann a eagraíonn an fhéile a bhíonn ar siúl de ghnáth i rith na chéad seachtaine i mí an Mhárta. Príomhaidhm na seachtaine is ea múscailt feasachta i measc an phobail ar luach na gcrann chomh maith le daoine a spreagadh chun crainn a chur. Déan teagmháil le Rannán Comhshaoil Chomhairle Contae na Gaillimhe roimh Sheachtain na gCrann agus féadfaidh tú roinnt crann dúchasach a fháil le haghaidh tionscadal pobail i gcur crann.
(Teil. 091 476402, R-phost environment@galwaycoco.ie). Lá náisiúnta eile a cheiliúrann crann is ea Lá na gCrann atá faoi stiúir Chomhairle Crann na hÉireann. Is i mí Dheireadh Fómhair a bhíonn sé de ghnáth. www.treecouncil.ie

Crann a Chur

Nuair atá crann le cur agat, déan poll ar mhéid cuid mhaith níos mó ná an t-achar timpeall fréamhacha an chrainn. Tóg lái agus déan an fho-ithir i dtóin an phoill a bhriseadh go maith (chun na fréamhacha a spreagadh le fás anuas i dtreo an uisce agus an daingnithe). Leath ciseal d'aoileach lofa go maith, múirín nó leasachán mallghníomhach (ar fáil in ionaid gharraíodóireachta) i mbun an phoill chun tús maith a chur le fás na gcrann óg.

Leag an crann (a cuireadh ar maos i mbuicéad uisce roimhe seo) sa pholl, agus cinntigh go bhfuil neart spáis leis na fréamhacha a leathadh amach ann. Déan iarracht an crann a chur chomh domhain agus a bhí sé nuair a bhí sé ag fás sa phlandlann. Ba cheart é seo a bheith beagán os cionn na bhfréamhacha is airde agus léirítear é sin le hathrú datha sa tamhan. Má chuirtear crann ró-dhomhain d'fhéadfadh an tamhan lobhadh ach más ró-éadomhain a chuirtear é, tá an baol ann go dtriomóidh an crann má nochtar na fréamhacha. Cuir ithir thart ar na fréamhacha agus cinntigh nach ndéantar aon damáiste do na fréamhacha ná don choirt. Daingnigh an ithir timpeall na bhfréamhacha go cúramach le do chos agus déan tréan-uisciú i ndiaidh cuir leis an ithir a shocrú go maith timpeall na bhfréamhacha.

Alternatively small whips can be planted by pushing a spade into the soil, levering it backwards and lifting it out, leaving a slit to hold the roots. Place the roots of the whip in the slit and heel it in by firming the soil around the plant with your foot to seal the hole. It is not advisable to plant in very wet, windy or frosty conditions.

Trees grow best without stakes. Taller trees (>2m height), however, need a stake and tie until the roots are well established. Secure the stake in the planting hole before you plant (after temporarily positioning the tree) so that you don't damage the roots. When the tree has been planted, attach the stake to the trunk with a tree tie. A stake placed approximately one third the height of the tree should be all that is required for most trees (a double stake may be necessary for very large trees and/or in windy locations). The purpose of the stake is to help stabilise the roots, not to prop up the trunk. It should be possible to remove the stake entirely within two to three years of planting.

Ensuring successful results

If you've spent money planting a few trees, it's worth taking care of them! It doesn't take much effort but without some aftercare, many trees get choked by weeds, strangled by stake ties or slashed by strimmers and fail to reach their full potential, which can be disappointing.

Some tips for tree aftercare:

- Check young trees in the first few weeks after planting. Firm up the soil around them if necessary, especially after particularly windy weather in case the roots have loosened and trees are in danger of being blown out of the ground.
- In dry weather, newly planted trees should be watered as their root system may not yet be fully developed. This is particularly important immediately after planting trees but also for the first growing season (i.e. spring until autumn).
- During the first few years young trees have to compete with grass and weeds for nutrients and water. Give them a helping hand by keeping a weed-free area around the tree. This is particularly important for small trees. Mulching is a simple and effective method for suppressing weeds around trees and at the same time keeping the ground surface moist and cool. A good mulch can be achieved by placing shredded bark, grass clippings or even newspapers around the base of the stem to keep the weeds down.

Bealach eile le buinneáin bheaga a chur is ea lái a bhrú san ithir, borradh a chur faoi ar a chúl agus é a bhaint amach, agus scoilt á fágáil san ithir a choinneoidh na fréamhacha. Cuir fréamhacha an bhuinneáin sa scoilt agus daingnigh an ithir timpeall an phlanda le sáil do choise leis an bpoll a shéalú. Ní mholtar crainn a chur faoi bháisteach throm, faoi ghaoth láidir nó faoi shioc.

Fásann crainn níos fearr gan stacáin. I gcás crann ard (>2 m ar airde), áfach, teastóidh stacán agus ceangal uathu go dtí go mbeidh na fréamhacha dea-bhunaithe. Daingnigh an stacán sa pholl plandaithe roimh chur (tar éis duit an crann a chur ina áit go sealadach) ionas nach ndéanfar aon damáiste do na fréamhacha. Nuair a bhíonn an crann curtha agat, ceangail an stacán den tamhan le ceangal crainn. Go hiondúil ní theastaíonn ach stacán atá thart ar aon triain d'airde an chrainn d'fhormhór na gcrann (uaireanta teastaíonn stacán dúbailte le haghaidh crann an-ard agus/nó in áiteanna sceirdiúla). Is é cuspóir an stacáin cuidiú le daingniú na bhfréamhacha, agus ní tacaíocht a thabhairt don tamhan crainn. Ba chóir go mbeadh tú in ann an stacán a bhaint go hiomlán laistigh de dhá bhliain nó trí bliana i ndiaidh cuir.

Only large trees (>2m) need to be staked after planting / Ní theastaíonn stacán ach ó chrainn arda (>2 m)

Toradh rathúil a chinntiú

Má tá airgead caite agat ar chur roinnt crann, nach fiú duit aire a thabhairt dóibh! Is beag an iarracht a theastaíonn ach mura bhfaigheann siad beagán iarchúraim, plúchtar go leor crann le fiaile, tachtar le ceangail stacáin iad nó scortar le struimeálaithe iad agus teipeann orthu barr a gcumas a bhaint amach, rud a chuirfeadh díomá ort sa deireadh.

Cúpla leid don iarchúram crainn:

- Coinnigh súil ar chrainn óga le linn na chéad seachtainí i ndiaidh a gcuir. Brúigh síos an ithir ina dtimpeall más gá, go háirithe i ndiaidh aimsire gaofaire ar eagla go mbeadh na fréamhacha scaoilte nó go séidfí na crainn as an talamh.
- In aimsir thirim, ba cheart duit crainn nuachurtha a uisciú mar b'fhéidir nach mbeadh a bhfréamhchóras sách forbartha fós. Tá tábhacht ar leith ag baint le huisciú a dhéanamh díreach i ndiaidh crainn a chur agus ar feadh an chéad séasúir fáis freisin (i.e. ó earrach go fómhar).
- Le linn na chéad bhlianta caithfidh crainn óga dul i gcomórtas le féar agus fiaile ag lorg cothaitheach agus uisce. Tabhair cabhair dóibh agus coinnigh an t-achar timpeall an chrainn saor ó fhiaile. Is rud ríthábhachtach é seo do chrainn bheaga. Bealach simplí éifeachtach le fiaile a smachtú agus dromchla na talún a choimeád tais agus fionnuar ag an am céanna is ea clúdach móta a chur timpeall crann. Is féidir móta maith a dhéanamh as sliseanna coirte, bearrthaí féir nó nuachtáin fiú, agus an móta a chur thart ar bhun an tamhain le fiaile a smachtú.